
# FÉILE NA nOILEÁN 1985



31ú Bealtaine — 2 Meitheamh

Clár Oifigiúil Luach 50p

# AN COISTE

Peadar Ó Ceallaigh, (Uachtarán)
Máirtín Mac Donncha (Cathaoirleach)
Darach Mac Donncha (Leas Chathaoirleach)
Pádraic Ó Conghaile (Rúnaí)
Sonny Ó Mócháin, Tír an Fhia (Cisteoir)
Aingeal Ní Dhurcáin, Eanach Mheáin.
Beartla Ó Flatharta, Máimín.
Seán Ó Ceallaigh, Máimín.
Ath Máirtín Long, Tír an Fhia.
Ath. Colm Ó Faoláin, Leitir Móir.
Diarmuid Mac an Adhastair, Béal a' Daingin.
Máirín Nic an Adhastair, Béal a' Daingin.
Pádraic Ó Cualáin, Leic
Dara Kelly, Máimín
Tomás Ó Ceallaigh, Máimín


# Réamhrá

Céad míle fáilte romhat go dtí Féile na nOileán 1985 — an 8ú Féile ó athbhunaíodh an fhéile i 1978.

Tá a fhios agaibh uilig go bhfuil obair mór le féile mar seo a reachtáil. Tá cruinnithe i rith na bliana, pleanáil do Fhéile, eagrú damhsaí agus imeachtaí eile, bailiú airgead chun na costaisí troma a ghlanadh.

Tar éis chomh maith agus a d'éirigh le Féile na nOileán ó 1978, níl sé éasca caighdeán chomh ard a bhaint amach. Ní shin le rá nach ndéanfar é. Cé go bhfuil an coiste beag, tá sé gníomhach, díograsach, dúthrachtach.

Tá muid an bhuíoch do gach duine a thug tacaíocht dúinn an Féile seo a reachtáil agus go háirithe Údarás na Gaeltachta atá ag déanamh urraíocht aríst i mbliana ar phríomh Chomórtas na Féile – Peigín Leitir Móir. Tá súil agam go dtabharfaidh sibh féin an tacaíocht céanna dóibh. Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an bhFéile aríst i mbliana, Ná déan dearmad ar dhamhsaí na Féile agus b'fhéidir go mbeadh Peigín ag dul abhaile agat.



Le deá ghuí,

Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha,
Cathaoirleach.

*An Clúdach:*

*Tús dhá chuir le ceann do rásaí 1984.*

*An leathanach cúil:*

*Buaiteoirí Fhéile na nOileán 1982-1984. Na Cuinn — Seán, Séamas, Máirtín.*

*Gach rath ar Fhéile na nOileán*

*ó*

# Ruaidhrí Ó Conchubhair

SIOPADÓIR

OLLMHARGADH

LEITIR MÓIR



**Ollmhargadh, Beatha Beithíoch, Gual**

**Fón (091) 81128.**

# *FÁILTE*

A Léitheoir,

Tá fáilte romhat arís ag Féile na nOileán. Ár ndóigh tá an chéad deireadh seachtaine den fhéile thart le coicíos, nuair a bhí na Rásaí Gleotóga, Currachaí Adhmaid sé bhuille, dhá bhuille agus na Rásaí Báid Iomartha againn. Sé an deireadh seachtaine deireadh is mó i gcónaí ag gach féile agus is mar a chéile ag Féile na nOileán é.

Tá muid ag tosnú an Fhéile Dé hAoine, an 31ú Bealtaine le lá spóirt do ghasúir bunscoileanna an cheantair ar Pháirc an Mháimín. Beidh Comórtas Amhránaíocht ar an sean nós (oscailte) againn an oíche sin san Dún Daingean agus chomh maith cur in aithne na bPeigíní ar fad atá istigh ar chomórtas na bliana seo.

Ar an Satharn, an 1ú Meitheamh a bhéas an tIascaireacht ar siúl — Iascaireacht Farraige, Locha agus Droichead. Beidh fo-rásaí do Currachaí Canbháis Sinsear againn tráthnóna Dé Sathairn. Roghnófar Peigín Leitir Móir 1985 an oíche seo freisin. Beidh Mick Lally nó "Miley" as "Glenroe" mar is fearr aithne air mar Aoi-Speisialta againn an oíche sin. Dé Domhnaigh beidh muid ag dul go Leitir Móir i gcóir imeachtaí an lae mar a mbeidh Rásaí na gCurrachaí Canbháis i.e. Craobh an Chontae, Tarraingt Téide, Rása Tobac, Ceol, Aeraíocht agus craic.

Tá súil againn go léir go mbainfidh tú taithneamh agus sásamh as do chuairt.

D. Mac an Adhastair
(Iar-Chathaoirleach)

# Óstán Cheathrú Rua

**Óstán nua-aimsireach i lár Ghaeltacht Chonamara le go leor áiseanna don chlann**

Linn Snámh

Sauna

Clós Spraoi

Cúirt Leadóige

Solarium

Pitch & Putt

Róthair ar Cíos

Seomra cluichí

Seomra Video

Tuilleadh eolais ón Óstán ag 091-95116


# CLÁR NA nIMEACHTAÍ

**AOINE 31ú BEALTAINE
go
DOMHNACH 2ú MEITHEAMH**

# AOINE, 31ú Bealtaine

**10.30 a.m.**

Spóirt do ghasúir bunscoile na nOileán i bPáirc an Mháimín.

**8.00 p.m.**

**Comórtas:** Amhránaíocht ar an sean-nós oscailte
**Ionad:** Dún Daingean, Béal a' Daingin.
**Duaiseanna:** 1ú Duais £50 agus Corn Dún Daingean.
2ú Duais £30
3ú Duais £20

Bronnfar na Duaiseanna ag deire na hoíche.
1ú Duais bronnta ag Raidió na Gaeltachta.

Cur in aithne na cailíní ar fad atá istigh ar an gComórtas Peigín Leitir Móir.

# SATHARN, 1ú Meitheamh

**12.00 Meán Lae**

**Comórtas:** Iascaireacht Farraige.
**Ionad:** Céibh Ghlais na nUan.
**Duaiseanna:** 1ú Duais £40 Corn agus cheithre phlaic
2ú Duais £30
3ú Duais £20
An breac is mó £5 agus plaic
**Táille Iontrála:** £4 an bád

**1.00 p.m.**

**Comórtas:** Iascaireacht Locha
**Ionad:** Loch Bhaile na Cille
**Duaiseanna:** Líon is mó éisc 1ú, 2ú agus 3ú áit – plaic an duine.
Líon is troime éisc 1ú 2ú agus 3ú áit – plaic an duine.
Breac is mó – plaic.

**Táille:** £5 an foireann.
Tá an Comórtas seo dhá reachtáil faoi rialacha Chumann Tarraingt Téide na hÉireann.

**3.00 p.m.**

**Comórtas:** Rásaí Currachaí Canbháis Sinsear. Craobh an Chondae.

**Duaiseanna:** 1ú Duais £200 Corn agus Tankards
2ú Duais £100
3ú Duais £75
4ú Duais £45
£200 bronnta ag Pluincéid Ó Tuathail
Tankards + £100 bronnta ag Guinness
**Táille Iontrála:** £5 an foireann.
**Comórtas:** Rásaí Currach Canbháis Sóisir.
**Duaiseanna:** 1ú duais £60 Corn agus plaiceanna.
2ú duais £45
3ú duais £30
**Táille Iontrála:** £5 an foireann
Duaiseanna bronnta ag Telemara Teo.

**Comórtas:** Rása Curachaí Canabháis
Fear agus Bean
**Duaiseanna:**
1ú áit: £50 Corn agus Plaiceanna.
2ú áit £30
3ú áit £20.

**2.30 p.m.**

**Comórtas:** Rása Tobac
**Duaiseanna:** 1ú Duais £10 agus Trófaí.
2ú Duais £5 agus Plaic.
3ú Duais: Plaic.

**10.00 – 1.30 a.m.**

Damhsa sa Dún Daingean

Bronnfar duaiseanna an lae ag an damhsa seo agus cuirfear deireadh le **Féile na nOileán 1985.**

**2.00 p.m.**

**Comórtas:** Iascaireacht Droichid
**Ionad:** Droichead Béal a' Daingin
**Duaiseanna:** Breac is mó – plaic agus £5.
Líon is troime éisc – plaic agus £5.
**Táille Iontrála:** 50p an duine

4.00 p.m.

**Comórtas:** Rásaí Currachaí Canbháis Sinsir (Fo-Rásaí)

**Ionad:** Leitir Móir

**10.00 – 1.30**

Damhsa sa Dún Daingean

**12.00**

Roghnú Peigín Leitir Móir 1985

**Aoi-Speisialta — 'Miley' as GLENROE**

Tá an Comórtas seo urraithe ag Údarás na Gaeltachta agus ag Búistéara na nOileán.
Bronnfar duaiseanna an lae ag an damhsa seo chomh maith.

# DOMHNACH, 2ú Meitheamh

**Ionad: Leitir Móir**

**2.00 – 6.00 p.m.**

Aeraíocht, Comórtaisí agus Rásaí Currachaí

**2.30 p.m.**

**Comórtas:** Tarraingt Téide — Fir agus Mná
**Duaiseanna:** Corn agus plaiceanna do na buaiteoirí agus plaiceanna do na cailteoirí san gCraobh Comórtas.



*Ní ag féachaint ar na rásaí amháin a thagann gach duine ag an bhFéile.*


# Tí Val Clarke
**Ros Muc**

**ÓSTÁN ● SIOPA ● PETROL**
**Seirbhís iomlán Sochraide**
**Solathóirí Ábhar Tógála**

**Blocanna agus gaineamh ar phraghas réasúnach**

**Ceannaitheoir feamainne agus oisrí**

**Neart le nithe agus le n-ól**
**Ceol traidisiúnta gach deireadh seachtaine**
**Tá fáilte romhat i gcónaí. Fón (091) 74126**

*Gach deá ghuí don Fhéile*
*ó*
**Mháirtín agus Bríd Lally**

**An Poitín Stil**

**Indreabhán**
Ceol gach deire seachtaine.
**Fón (091) 93114.**

*Gach deá ghuí don Fhéile ó*

**Garáiste Mhic Oireachtaigh**

**An Sruthán, An Ceathrú Rua.**
**Fón 95114**

***Gach deá ghuí don Fhéile ó***

an Ċiseog

**An Cheathrú Rua.**
*Bialann, Snack Bar & Take-Away.*

**Fón (091) 95222**

*Take Away Salads for Beach*

## COIRN NA FÉILE

| | | **Bronnta ag** |
|---|---|---|
| Curachaí Canbháis Sinsear | | |
| Rásaí Gleotóga | — | Banc na hÉireann |
| Tarraingt Téide — Fir | — | Tigh Chonroy, Druim |
| Curachaí Canbháis Sóisir | — | An Droighneán Donn |
| Iascaireacht Farraige | — | Cumann Drámaíochta Tír an Fhia |
| Caitheamh Cruife | — | Teach Uí Fhlatharta, Doir Né |
| Curachaí Adhmaid | — | Féile na nOileán |
| Amhránaíocht ar an Sean Nós | — | Dún Daingean |
| Rás Tobac | — | Máirtín Tom Sheáinín. |
| Rása Fear agus Bean | — | Mike Conneely. |
| Tarraingt Téide Mná | — | Telemara |
| Rásaí Báid Iomartha | — | Irish Seafresh Ltd. |
| Peigín Leitir Móir | — | Búistéir na nOileán Teo. |

## LIOSTA d'URRAÍ NA FÉILE

ÚDARÁS NA GAELTACHTA: Duais agus costaisí roghnú Peigín Leitir Móir.
PLUINCÉID Ó TUATHAIL, LEITIR MÓIR: £250 an chéad duais curachaí canbháis sinsear.
TELEMARA TEO. An Cheathrú Rua, £150 urraíocht ar an rása curachaí canbháis sóisir.
GUINNESS: £100 agus Trí Tankard do na rásaí curachaí.
BANC NA hÉIREANN: £50
FÁILTE AN IARTHAIR: £75
ÉISC TEO., Ros a' Mhíl: £280 urraíocht Rásaí Báid Iomartha
RAIDIÓ NA GAELTACHTA: £50
BANC AONTAS ÉIREANN: £25
STOCAÍ TEO., An Cheathrú Rua £10
SIOBHÁN BREATHNACH, Cógaslann An Spidéil, £10
PATSY SEOIGHE, Cruiminne, £10
TITHE SAOIRE NA nOILEÁN £95 urraíocht do Iascaireacht Farraige
BÚISTÉIR NA nOILEÁN — Plaiceanna do na Peigíní
MUINTEARAS NA nOILEÁN, Tír an Fhia, Plaiceanna do Spóirt na nGasúir.

Gach deá ghuí don Fhéile
ó

**Chogaslann Uí Mhistéil**

An Cheathrú Rua

Oideas Dochtúra; Scannáin;

Cosmaidí; Seodra &rl

**Fón (091) 95168**

*Gach deá ghuí don Fhéile*
*ó*

**Tigh Chualáin** Coill Rua



Buail isteach agus beidh deoch agat ar do chompóirt uair ar bith.

**Fón (091) 83133**

## Torthaí na Féile go dtí seo

**Rásaí Gleotoga:**
1ú áit: John Dairbe Ó Flatharta
2ú áit: Pádraic De Bhaldraithe
3ú áit: Micheál Ó Ceallaigh

**Rásaí Currachaí Adhmaid Aonair:**
1ú áit: Pádraic Ó Cualáin
2ú áit: Micheál Ó Cualáin

**Rásaí Báid Iomartha:**
1ú áit: An Cheathrú Rua
2ú áit: Cuileán.

**Currachaí Adhmaid Sé Bhuille:**
1ú áit: Aird Thoir, Carna
2ú áit: An Ceathrú Rua
3ú áit: Na Cualáin óga.

**Cluiche Peile:** Corn James Philbin.
**Leitir Móir 0-12, An Cheathrú Rua 1-5**

Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghlacadh leis na daoine a thug fógraí agus urraíocht dúinn i gcóir Féile na bliana seo agus iarrann muid oraibh tacaíocht a thabhairt dóibh.

*Gach deá ghuí don Fhéile ó*

**Siopa Uí Chonghaile**

**An Trá Bháin**

**Fón (091) 81149**

*Gach deá ghuí don Fhéile ó*

**Gruagaire Anach Mheáin**

**Caitlín Nic Dhonncha**

**72146**

*Gach deá ghuí ó*

**Óstán Charna**

**Carna**

**Cóisir ● Bainseacha ● Lóistín**
**Buail isteach nuair a bhéas tú i gCarna.**
**Fón Carna 21 agus 22.**

## Turas "Shiamsa Chonamara" go Londain

Ó bhí muid i Meiriceá cúpla bliain ó shoin le Coirm Cheoil bhí muid ag smaoineamh ar thuras go Sasana ach d'imigh an t-am thart go dtí i mbliana. I mí Eanáir seo caite bhuail mé liom anonn go Sasana agus chuir mé dhá halla in áirithe i Londain, ceann acu i Willesden agus ceann eile i Clapham, agus socraíodh na dátaí 12ú agus 13ú d'Aibreán.

Leag mé amach go mb'fhearr 'coach' as Conamara le muid a thabhairt anonn ná déileáil le traen nó busannaí C.I.E. Fógraíodh an turas agus thosaigh na hainmneacha ag teacht isteach nó go raibh sa deireadh ceathracha ceathair daoine fásta agus cúigear gasúr sásta taisteal.

Bhíodh mé ag cloisteáil go mb'fhéidir nach ngabhfadh coirm ceoil síos go maith i Sasana, go raibh an áit ró-ghar don tír seo — nach mba ionann é agus Meiriceá a mbíodh cáil orthu siúd de bharr a gcuid suime i gcultúr na hÉireann — ach ní mar sin a bhí mar go raibh muintir na Gaeltachta i Londain chuile orlach chomh súite ag an gcraic agus a bhí na 'yanks'. Bhíodar fiáin ceart le teann croí agus méidhir le linn na gcoirmeacha ceoil a bheith ag gabháil ar aghaidh.

Thosaigh muid chaon oíche thart ar 8.30 agus ní hé fearacht thart anseo é bhí na hallaí bun lán go maith ag an am sin. Leanadh ar aghaidh leis na hamhráin, ceol agus damhsa go dtí thart ar 11.30 agus ansin bhí an uair go leith eile go dtí 1 a.m. le Céilí a raibh an dream taobh thall iad féin in ann a bheith páirteach ann.

Sílim gur chiall na hoícheantaí céanna uaigneas do go leor daoine mar gur beag don chineál sin cultúra atá le fáil thall anois. Tá na grúpaí móra fiáine seo istigh ins na tithe tabhairne ar fad, rud a lagann an cultúr Gaelach.

Caithfidh mé rá go raibh muid uilig an-tsásta leis an turas agus go raibh muid an-bhuíoch don dream ar fad a casadh linn. Bhíodar fáilteach, fial, gealgháireach agus spóirtiúil.

Is mó an caoineadh a chonaic mé timpeall an bhus an lá ar fhág muid Camden Town ná bhí ag Logan Airport an oíche ar fhág muid Meiriceá cúpla bliain ó shoin.

Is dóigh go bhfeilfeadh turas a thabhairt níos minicí.

*C. Ó Maoilchiaráin*

Gach rath ar Féile na nOileán

# The Olympic Centre

## Tuam

Soláthóirí na Trófaí, Plaiceanna agus Boinn don Fhéile.

Guthán (093) 24728.

Tá an samhradh linn ar

# Raidió na Gaeltachta

Ag imirt ar sceideal an tSamhraidh tá:

Spórt an Domhnaigh

Fonn Ceoil — Amharc Ultach — An Taca Seo

An Saol ó Dheas — Togha agus Rogha — Seán Bán Breathnach

Dúirt Bean Liom — Áiteamh

Dé Bhur mBeatha — Cúrsaí an Lae — "Sin Mar a Bhí"

Cúinne Sheosaimh Uí Dhálaigh — Máirtín Jamsie — Raidió Árann

Cas Ceirnín, Peann agus Pár; Drantán Ceoi, Faisnéis; Muimhneachas; Bí Liom Seal Eile; Féilte Chonamara agus "Seod é arís é"

Tá tacaíocht ag Raidió na Gaeltachta ar fud na tíre.

TABHAIR CLUAS DO

THE CONNACHT TRIBUNE, SATURDAY, JUNE 17, 1961



The Joyces of Inishbarra, winners of the National Curragh Championship in Galway on Sunday, photographed with Mr. G. Bartley, Minister for the Gaeltacht, who presented the cup; Mr. Peter Greene, President of the National Curragh Committee; Mr. [illegible] Martyn, hon. treasurer [illegible], chairman.

### THE JOYCES OF LETTERMORE REGAIN TITLE

# Great Day For County Galway Currachs

SUNDAY was a great day for Connemara currachmen when the National Currach Racing Championships on Galway Bay were won by a Connemara crew with crews from Connemara filling second and third places.

For the first time the championships were held off South Park, The Claddagh. Conditions were nearly perfect for currach racing with a fresh sou' westerly wind whipping up a choppy sea.

The event was marred by the late withdrawal of Kerry and Mayo who had been among the best supporters of the races up to this. Their defection took the bite out of the preliminary heats and in the long run left the issue open for the famous Joyce cousins of Lettermore and the two McDonogh crews of Carraroe.

The three Joyces, two Seans and Martin, made history by winning the title for the third time defeating two Carraroe crews in a thrilling final. The veteran Lettermore trio also held the title in 1957 and 1958. The Carraroe crew of Raymond, Michael and Seamus McDonogh who represented the Aran Islands for the event, came second, and another McDonogh trio from Carraroe, Martin, Padraig and Colm, the Co. Galway champions, came third.

### HUGE CROWD

The races were watched by a huge crowd from the Claddagh foreshore and there was a distinct carnival atmosphere with exhibitions of Irish dancing by children of city schools sponsored by the Gaelic League and selections from the St. Patrick's Brass Band adding to the colourful spectacle.

The weather remained favourable for the [illegible] the sun breaking through overcast [illegible] and [illegible] bookmakers found ready business among the crowd although there was little real competition in the heats.

**The promoters were satisfied generally that the transfer from Salthill to the Claddagh had justified itself and there was no doubt that the attraction of currach racing is as strong as ever.**

The new venue of course resulted in some organisational snags but the actual running of the programme was one hundred per cent. on schedule and the races finished dead on time. The Claddagh has rarely seen such a splendid spectacle in modern times and old timers had to go back half a century to find anything comparable.

Six crews representing Counties Galway, Clare and Donegal lined out for the final including three crews from County Galway.

They started off in a bunch and remained together until the Carraroe crew representing the Aran Islands crept ahead and the eventual winners the Joyces did not appear to be well placed. However on the first turning flag the Joyces showed their skill had not slipped with the years and they swept ahead into a lead they were never to relinquish. Their most ardent challengers continued to be the Carraroe crew but although the latter narrowed the gap from time to time they could not overtake the leaders and the Joyces forged ahead to win comfortably in the record time of 19 mins. 20 secs. for the two and a quarter mile course. Carraroe representing Aran were second and Carraroe's second McDonagh crew third with Clare fourth and the Donegal crews trailing in fifth and sixth places. Over half a mile separated the winners from the last currach.

The Joyce success was popular and one of the first to congratulate the winners was Mr. Joe Joyce of Boston, a brother of a member of the crew, John (Barbara), who with his wife planned an Irish holiday to coincide with the currach races. An interesting point about the winners craft was that in order to obtain greater buoyancy and speed they lengthened it from 24 to 27 feet for this year's event.

### DETAILS

**Heat 1:** 1, Galway; 2, Clare.

**Heat 2:** 1, Carraroe representing Aran; 2, Donegal; 3, Clare.

**Heat 3:** 1, Carraroe; 2, Donegal.

**Final:** 1, Lettermore; 2, Carraroe representing Aran; 3, Carraroe.

**Junior All-Ireland Final:** 1, Donegal; 2, Clare; 3, Galway.

Commentaries on the races were given by Sean Uas O'Ciardubhain, Secretary of the National Currach Racing Council, and Michael O'Faitheartaigh of Lettermore.

The prizes were presented to the winners at the Claddagh Hall by the Minister for the Gaeltacht, Mr. G. Bartley, who congratulated the crews and the promoters.

*Gach Deá Ghuí ó*

# Óstán an Dóilín



**An Cheathrú Rua**

Buail isteach má bhíonn sibh thoir.

**Fón 091-95169.**

Gach deá ghuí ó

# 'Dún Aengus'

**agus**

# M.V. Donemark

**Sally & Paddy O'Brien**
**Fón 72273**

Turais go hOileán Arainn:
Fágáil Ros a' Mhíl 10.00 a.m. 10.30 a.m. — 7 lá.
Rátaí Speisialta do ghrúpaí.

**An Bealach is Fearr go hÁrainn.**

# TOMHAIS

## Duais: Trófaí agus £10

### CEISTEANNA

1. Cérbh í an Chéad Pheigín Leitir Móir?
2. Ainmnigh an fhoireann a bhuaigh Craobh an Chontae i 1973.
3. Cén bhliain a leagadh amach an riail go mbeadh ar úinéirí na nGleotóga a mbád féin a ghabháil.
4. Cé a bhuaigh an Comórtas Amhránaíocht ar an Sean Nós ag Féile na nOileán 1984.
5. Ainmnigh seachtar don deichniúr Peigín a ghlac páirt i gComórtas Peigín Leitir Móir 1984.
6. Cé a bhuaigh an Comórtas Currachaí Adhmaid ag Féile na nOileán i 1982.

**Freagraí na gCeisteanna**

1. ..........................................................
2. ..........................................................
3. ..........................................................
4. ..........................................................
5. ..........................................................
6. ..........................................................

Ainm ..........................................................


Seoladh ..........................................................

..........................................................

..........................................................

COMÓRTAS PEIGÍN

LEITIR MÓIR



DUAIS
£200

Saor chead
isteach ar Rós
na Gaillimhe

PEIGÍN LEITIR MÓIR 1984
GIOLÍOSA NÍ SHÉ

Urraithe ag:

# ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Gach deá ghuí don Fhéile

**TOMÁS BREATHNACH TEO.**

AN CHEATHRÚ RUA
Guthán (091) 95121


Grósaer Ginearálta agus Búistéar
Calor Gas
Gach cineál earra ar fáil

**an CRÚISCÍN LÁN**

AN SPIDÉAL

Gach deá ghuí don Fhéile

*Glaoigh isteach ar do bhealach go Gaillimh*
*nó ar do bhealach abhaile*



**Gach deá ghuí don Fhéile**

**Droighneán Donn**

**AN SPIDÉAL**

**Glaoigh isteach am ar bith**
**agus tú ag dul thar bráid** **Fón (091) 83217**

Gach deá ghuí don Fhéile
ó

**Teach Uí Thuathail**

**Casla**

**Oifig an Phoist Groséir** **Fón (091) 72122**

# Na Fóirne

## Rása Sinsir

**Fó-Rás (1)**

1. Ceathrú Rua (2)
Pádraic Mac Donnacha agus beirt eile.

2. Inis Trá Mhór
Pádraic Ó Maoildhia
Michael Seoighe
Pádraic Ó hIarnáin

3. Uachtar Ard (1)
Walter Butler
Jim Bulter
Martin Butler

4. Eanach Mheáin
Cóilín O Lupáin
Micheál Ó Lupáin
Pádraic Ó Súilleabháin

**Fo-Rása (2)**

1. Leitir Caladh
Pádraic Ó Maoildhia
Beartla Ó Maoildhia
Darach Ó Maoildhia

2. Na Cualáin Óga
Micheál Ó Cualáin
Máirtín Ó Cualáin
Séamus Ó Cualáin

3. Uachtar Ard (3)
Patrick Molloy
Eamonn Molloy
Mark Molloy

4. Na Cualáin
Pádraic Ó Cualáin
Colm Ó Cualáin
Micheál Ó Cualáin

**Fo-Rása (3)**

1. Leitir Mealláin
Maiteas Barrett
Beartla Ó Conaire
Pádraic Ó Laoi

2. Leitir Móir (1)
Seán Ó Cuinn
Séamus Ó Cuinn
Máirtín Ó Cuinn

3. Ceathrú Rua (1)
Johnnie Jimmy Mac Donnacha
Peadar Mac Donnacha
Pádraic Ó Cualáin

4. Leitir Móir (2)
Pádraic Ó Flatharta
Antoine Ó Flatharta
Eamonn Ó Cualáin

## Rása Sinsir

**Fo-Rása (4)**

1. Doire Fhearta
Tomás Ó Catháin
Antoine Ó Catháin
Tomás Ó Flatharta

2. Cuileán
Peadar Ó Flatharta
Micheál Lally
Réamonn Ó Maoildhia

3. Uachtar Ard (2)
Billy Molloy
Mike Power
Patrick McQuinn

4. Aird Thoir, Carna
Seosamh Ó Ceanabháin
Micheál Ó Ceannabháin
Seán Ó Domhnaill

**Rásaí Leathcheannais Sinsir**

1. ..........................................................
2. ..........................................................
3. ..........................................................
4. ..........................................................

1. ..........................................................
2. ..........................................................
3. ..........................................................
4. ..........................................................

**Rása Sóisir Faoi 18**

1. Leitir Móir (2)
Pádraic Ó Conghaile
Tomás Ó Murchú
Christy Ó Flatharta

2. Leitir Móir (1)
Colm Ó Dubháin
Peadar Ó Dubháin
Máirtín Mac Donnacha

3. Inis Trá Mhór
Máirtín Ó Maoildhia
Micheál Mac Donnacha
Seán Ó Lupáin

4. Doire Fhearta
Caoimhín Ó h'Ara
Seán Ó Catháin
Seán Ó Gríofa

**Rása Fear agus Bean**

1. Doire Fhearta
Tomás Ó Catháin
Treasa Ní Chatháin

2. Ceathrú Rua
Pádraic Ó Cualáin
Peigí Ní Dhonnacha

3. Eanach Mheáin
Mícheál Ó Lupáin
Cáit Bn. Uí Shúilleabháin

4. Aird Mhór, Carna
Micheál Ó hÉanaí
Helen Seoige

*Gach deá ghuí don Fhéile*
*ó*
**TIGH MHÓRÁIN**
**Carna**
Lounge ● Bar ● Pub Grub ● Grósaeir
*Fón Carna 11*

*Gach deá ghuí don Fhéile ó*

**Tigh Durkin**

**An Tulach**



Grósaer ★ Éadach ★ Flogas

**Fón (091) 93156**

*Gach deá ghuí don Fhéile*

ó

**Taistil Chonnamara Teo.**

An Cheathrú Rua

**Busanna le fáil do ghach cineál turais**

**Fón (091) 95111**

## Amhrán Chlann Chuinn Leitir Móir

*Pádraig Ó Cadhain*

Cuimhneód go deo nuair a bhí mise óg,
Théinn i gcónaí ag rástaí 's féilte,
Ach téim acu fós, mar is maith liom an spóirt,
An choimhlint, an spraoi agus an sárú.
Ach tá áit i mo chroí beidh agus choíche,
Do na fir a bhíonn i ngleic maide rámha,
Is fiú omós a thabhairt dhóibh, níl orthu mairg ná stró,
Ghabháil ag iomradh, in aghaidh farraige 's gála.

Tá foirne go leor a bhfuil moladh dul dhóibh,
'Nós na Cáthain, is Cualáin Dhoire Fheárta,
Agus Clann Jimmy an Oileáin Mhóir, nuair a bhí siadsan óg,
Ní raibh sé éasca iad a bhualadh san rása.
Ach tá foireann amháin, agus mo ghoirm iad go deo,
Triúr fear chomh maith is a bhí fós ann,
Siad Clann Chuinn Leitir Móir, mo rogha-sa go fóill,
Is onóir iad don Phobal 's don Deoise.

A Chlann Phat Pháraic Chuinn, beidh cáil oraibh choichín,
An fhad is a fhásfaidh féar thríd an talamh,
Mar thiar i Leitir Móir, bhuaich sibh ann faoi dhó,
'Gus choinnigh sibh an chraobh, ins an gceantar.
Chuaigh sibh síos go Ciarraí rith sibh rás na naomhóg,
Agus thug sibh an 'sway' libh abhaile,
Thuas in Uachtar Ard, bhí sibh sa gcéad áit,
Agus choinigh sibh an bhratach in airde.

Ag féile an Spidéil, bíonn coimhlint an-ghéar,
Bíonn foirne as gach áit as Conamara,
Ach rinne sibh 'three-in-a-row' nach ndearna éinne eile fós,
Ach bhuadh sibh an turas go Boston.
Thall ar 'Charson Beach' bhí an teocht 'ninety degrees',
Cé a déarfaidh nach chaill sibh allas,
Ach ag deireadh an rás, bhí sibh sa gcéad áit,
Ach thug sibh an corn anall libh.

Is ar an seas cinn, a bhíonn's Seán ina shuí,

Agus tarraingníonn sé an cúrsa go díreach,
Bíonn Séamus sa lár, is é ag lúbadh a chuid cnámh,
'Gus Máirtín taobh thiar dhe ar nós eascan.
Nach aoibhin is nach breá, bheith ag breathnú oraibh ag rás,
Sibh ag iomradh go deas lena chéile,
Nár laga Mac Dé an triúr agaibh féin,
Mar buachfaidh sibh neart eile rástaí.



*(Ó chlé) Máirtín, Séamus agus Seán Ó Cuinn.*

*Gach deá ghuí don Fhéile*

*ó*

**Cumann Dornálaíocht Thír an Fhia**

**Leitir Móir**

## An Caiptín Ó Máille

An chéad lá go mhí an Fhómhair a chrochamar na seolta ag
tarraingt ar na cóstaí úd go tóin an bhunnán siar.
Thart anseo le Cliartha Acaill Bheag taobh thiar de, is
go hInis Toirc dhá dtrialladh bheadh aodhaireacht orainn ann.
Thart le Rinn-an-Mhaoile síos go Crua-na-Caoileadh, an
Cloigeann le na thaobh sin trá Bhridea ina dhiaidh.
Nó gur dhóirteamar le fánadh trí fharraige is i cathadh
go ndeachamar go raithe mar is ann a bhí ár dtriall.


Ag síneadh dhúinn le hÁrainn mhéadaigh ar an ngálla
bhí cúrsa istigh ar trá againn agus níor trá failligh é
D'ardaigh sé chun feochain as sin chun gaoth móire
gur chrochamar na seolta agus níor mhór dhúinn é in am
An fharraige gur ghéim sí, las tonnta tréana chriothúinigh
ar na spéara agus mhéadaigh ar an gceo
Is dhá mbeadh caint ag na clártha go n-inseoidís scéal cráite
a ghoireacht a chuaigh an bás dhúinn is gan a truinn ach iad.

Bhí criú na loinge ar aon-chor ag dearcadh ar chlár m'éadain
mé ag súil le cabhair a dhéanamh is gan aon mhaith dhóibh ann
Ach dúirt mé leo ar aon chor go ndéanainn dhóibh a bhféadfainn
ag iompar a cuid éadaigh in fhád is b'fhéidir léi snámh
Tá mo lámha stróiche go síorraí ag tarraingt rópaí
tá an craiceann is an fheoil tarranaigh amach ón gcnámh
Ach más sé an bás é a gheall Mac Dé dúinn cén mhaith a bheadh
dhá shéanadh ach ag dul go Flaithis Dé dúinn ar aon staid amháin.

Ag teacht dhúinn go hÉirinn bhí fíon is braindí is tae linn
tobac agus seimiche agus gach aon tsórt a raibh ann
Píosaí fada síoda agus scaifeanna dhá dhaoire cibé cailín
ag is mian liom is de a shíneadhas mé mo láimh
Mo shoitheach bocht atá bruitea ó earrainne go glúine
a cuid bultaí gur lúb is ceannaire de é
Ach anois a lag an feochan is go bhfuaireamar an chóir mhaith
críochnóidh muid an t-amhrán agus ólfaidh muid dram.

Nár mhór an cliú is an t-ádh dhúinn an bealach úd a shárrudh

*Gach deá - ghuí don Fhéile*



# Dún Daingean



Béal a' Daingin

Damhsaí Deire Seachtaine
Togha agus Rogha gach dí

Fón (091) 72135

Gach deá ghuí don Fhéile ó

## Gruagaire na nOileán

**Sorcha Ní Chéide**



Mná, Fir agus Gasúir
Oscailte ó Mháirt go Satharn óna 10.00 a.m. — 6.00 p.m.
*Ag oscailt áit nua go luath.*

**Fón (091) 81120**


is gan ann ach ár namhaid romhain is 'nár ndiaidh ag water guards
san airdeall agus police le na sáladh revenue na háite is gach
spíodóir dar ghabh leo bhí cutters beag is mór ann
píoleoití salach leo luingisheacha ríogh Sheoirse sa tóri uile mo dhiaidh
Ach is mise Seoirse Ó Máille fear maith go bunú Ghráinne
cuireadh i dtír mo lucht go sásta is ná raibh maith agaibh ina chion.

## Cúirt an tSrutháin Bhuí

'S nach deas an féirín gafa gléasta í Cúirt an tSrutháin Bhí,
Ar thalamh déanta ar dheis na gréine, i bhfoscadh ó chuile ghaoth,
Tá gáirdín pléisiúir le na taobh a dhéanfadh óg den aois,
Go bhfuil na dáinte bhí gan sláinte, ag fulaingt ann le mí.

'Té théann's an ród 's a ghéilleans dhó, san am a mbíonn sí i gcaoi,
Lá nó dhó níor mhór dhom dhó, go ndearcfainn í go grinn,
Tá sé ráite ó bhéal an Phápa "triallaidís thart cruinn',
Gurbh í an fhéis is aoirde in Éirinn déanta, í Cúirt an tSrutháin Bhuí.

Ar feadh mo shaoil, ní chuirfinn síos dhá mbeinn dhá scríobh le peann,
Ar fheabhas an ghníomh 'rinne an saor, a d'fhág í siúd gan cáin,
Siúntaí míne ar chaidinigh, 's gan orlach ar bith cám,
'S go bhfuil Bhictoria 'n Rí faoi mheirg faoi, 's moltar léi an barr.

'S nach deas an spóirt 'g tíocht den Fhómhair Cúirt an tSrutháin Bhuí,
Ar shiúl an bhóthair ins an teorainn, idir an dá thír,
Tá longa seolta ag tíocht le cóir le Banríon na Sáirdín,
'S tá sí cóirithe 's geataí óir léi, 's foireann díol an rí.

Nuair a chuala an scéal amach sna réigiúin faoi Chúirt an tSrutháin Bhuí,
Bhí Rí na Gréige 'g cuartú scéala, cé'n chaoi a ndearnadh í,
Ní bhfaigheadh sé é níos lú ná céad, 's bhí sé sásta é íoc,
Mar nach bhfuil sé in Éirinn, ná in aon réigiún Cúirt ar bith mar í.

*Gach deá ghuí don Fhéile ó*

**Banna Cheoil Cheann Golaim**

**Leitir Mealláin**

**Áirithintí Fón (091) 74128**
**i gcóir Bainseacha, Tithe Tabhairne agus Cóisir.**

*Gach deá ghuí don Fhéile*
ó

Sheán Ó Clochartaigh

**EANACH MHEÁIN**
**BÉAL A' DAINGIN** **Guthán: (091) 72254**

**Fuinneoga Doirse Teak Cedar agus Red Deal**


*Gach deá ghuí don Fhéile*

**Pluincéad S**
**Ó Tuathail**


Leitir Móir

Ostóir  Siopadóir  Petrol

**Má bhíonn suim i ndeoch agat faoi chompóirt**
**ná téigh thairis.**
**Casfar cáirde leat ann.**



*Buaiteoirí 1984 — Muintir Chuinn, Leitir Móir.*



*Darach Mac Donnacha ag bronnadh Corn Tigh Conroy ar chaptaen Derryinver, buaiteoirí an Chomórtais Tarraingt Téide 1984.*

## Bróicéireacht árachais nua chun freastal ar riachtanais chomhlachtaí Gaeltachta agus a bhfostaithe

Tá réimse iomlán de sheirbhísí comhairleoireachta árachais á thairiscint ag Gaelárachas Teo.: árachas dóiteáin; árachas ginearálta agus tionóisce; árachas freagrachta; árachas muirí; árachas saoil agus pinsin; árachas sochair fostaí.

Tá Gaelárachas Teo. á reachtáil ag cainteoirí Gaeilge i gceantar Gaeltachta, sna Forbacha i gCo. na Gaillimhe.

Is bróicéireacht árachais í Gaelárachas Teo. a bhunaigh Údarás na Gaeltachta agus Grúpa Sedgwick Dineen chun freastal ar chomhlachtaí Gaeltachta agus ar a bhfostaithe.

**Gaelárachas Teo.**

Bróicéirí Árachais agus
Comhairleoirí Sochair Fostaí,
Na Forbacha, Gaillimh.
Guthán: (091) 21686
**Telex: 28891**

**Le gach deá mhéin**

**ó**

# SHIOPA MHIC UÍ CHONFHAOLA

**LEIC**



**Grósaeir, Éadaigh, Bróga**

**Fón 091-81173**




*Peigíní 1984 ag fanacht leis an toradh.*



*Gailíosa Ní Shé, Peigín Leitir Móir 1984; Máirtín Mac Donnacha, Cathaoirleach Féile na nOileán 1984; B. Ní Shúilleabháin, Moltóir; Pádraic Ó Cuanaigh, Údarás na Gaeltachta, S. Ní Bheaglaoich, Moltóir; Maitias Mac Donncha, Moltóir.*

*Gach deá ghuí don Fhéile ó*

## Pádraic Ó Seaghdha

**Ros a' Mhíl**
V.H.F. Radio CH. 6 "Rossaveal Ranger"
Oll-Mhargadh
**Fón (091) 72292, taréis 6.00 i.n. 72132**

## Óstán na Páirce

*Gach deá ghuí don Fhéile ó*

**An Spidéal**

I gcóir do Bhainis, Cóisir, nó aon ócáid eile, glaoigh ar Sheán Ó Foighil ag **(091) 83159 nó 83207.**

*Gach deá ghuí don Fhéile ó*

**Paul, Mary agus na gasúir**
**Patteen agus Mary Ann**

## Siopa Uí Chonfhaola

**Teach Mór, Leitir Mealláin**
Gach saghas earraí ar fáil.
**Fón (091) 81112.**

*Gach deá ghuí don Fhéile*

## Micí Ó Flatharta

AN CHEATHRÚ RUA
Fló Gas, Grósaer, Trádálaí agus Búistéir
**Fón: (091) 95110**

# OIREACHTAS 1985

## CORCAIGH
## 1ú — 10ú Samhain

Rúnaí Áitiúil: Aine de Baróid,
Aras an Chraoibhin,
13 Paráid na Digé,
Corcaigh.

**Clár na gComórtas Ardáin ar fáil anois.**
**An tOireachtas, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.**
**Guthán (01) 757401/02.**

Gach deá ghuí don Fhéile

ó

## SHIOPA UÍ CHUALÁIN

Baile na Cille

Gach saghas earraí ar fáil

Fón (091) 81116

*Gach deá ghúí don Fhéile ó*

## Óst na nOileán

**Tigh Lee**

**Leitir Mealláin**

Bialann ar oscailt. **Fón (091) 81161.**

***Gach deá ghuí don Fhéile ó***

## Tigh Henry

**Druim.**

**Fón (091) 81115.**

**Óstán agus Siopa**

**Bar Snacks**



**Take Away**

Ceol gach deireadh seachtaine

Ceol gach Céadaoin ar feadh an samhradh

*Gach rath ar an bhFéile ó*

# Nioclás P. Ó Conchubhair Teo.

**Leitir Móir**

**SIOPA CRUA EARRAÍ**

Tá ábhar tithe le fáil anseo
Tá gach saghas adhmad ann
Gach cineál péint ann
Agus tearra le haghaidh báid.



*Má tá meastucháin uait i gcóir díon tí, pluiméireacht, ábhar leictreach, péint, nó aon ábhar tógála, cuir glaoch orainn.*

**Fón (091) 81102/81114**

# Bliain Idirnáisiúnta na nÓg

# FORBAIRT



## Comórtas Speisialta do Ógchlubanna na Gaeltachta



* An Club Nua-Bhunaithe is Gníomhaí
* Éagsúlacht Imeachtaí
* Páirtíocht i bhforbairt an Cheantair
* Cur Chun Cinn na Gaeilge
* Imeachtaí Ealaíona agus Drámaíochta

**Duaischiste Bhliantúil £2,000**

EOLAS BREISE LE FÁIL Ó:
An Comórtas Forbartha Pobal,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Gaillimh.

- Go n-éirí go geal le Féile na nOileán '85.
- Faoi Chomhurraíocht Údarás na Gaeltachta.

**TÁ ÁR DTODHCHAÍ AG BRATH AR AN ÓIGE**

Clódóirí Lurgan Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Fón: 091-93251/93157.






## PEIGÍN LEITIR MÓIR



Go spórtúil, rithimiúil.




3
Chuir mé scéala siar chuici
Go gceannóinn di bád mór;
'S é 'n scéala 'chuir sí aniar chugam
Go ndéanfadh leathbhád seoil.
(Curfá)

4
Tá iascairí na Gaillimhe
Ag teacht anoir le cóir,
Le solas gealaí gile
Nó go bhfeicidís an tseoid.

Curfá deiridh:
'S ó, gairim, gairim í,
'Gus gairim í mo stór;
Míle grá le m'anam í —
Is gearr go mbeidh sí mór!

